An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014,

# arna Leasú sa bhliain 2022

# Tuarascáil Bhliantúil

# Nochtaí a Rinneadh leis an Údarás

1. Foráiltear le halt 22(5) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (an tAcht), go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí, gach duine forordaithe agus an Coimisinéir tuarascáil ina mbeidh na nithe seo a leanas a fhoilsiú ar a suíomh Gréasáin faoin 1 Márta gach bliain i leith na bliana féilire díreach roimhe sin:

   - Ráiteas á rá gur bhunaigh an comhlacht poiblí, an duine forordaithe nó an Coimisinéir sin bealaí agus nósanna imeachta inmheánacha tuairiscithe de réir an Achta;
   - I gcás daoine forordaithe agus an Choimisinéara, ráiteas á rá gur bhunaigh an duine forordaithe nó an Coimisinéir sin bealaí agus nósanna imeachta seachtracha tuairiscithe de réir an Achta; agus
   - An fhaisnéis a soláthraíodh don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe faoi alt 22(1) den Acht.

2. Is é seo an tuarascáil ón Údarás Slándála Príobháidí (an tÚdarás) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.

3. Tá Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis ina dhuine forordaithe faoi alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta agus faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 367 de 2020. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh oibrithe laistigh den tionscal Slándála Príobháidí nochtadh cosanta a dhéanamh leis an Údarás.

4. Bhunaigh an tÚdarás bealach tiomnaithe inmheánach tuairiscithe agus nósanna imeachta tiomnaithe inmheánacha tuairiscithe chun cabhrú le baill foirne éagóiritheoireacht fhéideartha a thuairisciú.

Eanáir 2025

5. Bhunaigh an tÚdarás beartas seachtrach tuairiscithe freisin, rud atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag www.psa-gov.ie\ protected disclosures.

6. Sa bhliain 2025, fuair an tÚdarás seacht dtuairisc tríd an mbealach seachtrach tuairiscithe a bunaíodh faoi alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Is achoimrithe i dTábla 1 atá an fhaisnéis a soláthraíodh don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe faoi alt 22(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, don bhliain féilire 2025:

**Tábla 1: Faisnéis a soláthraíodh don Aire faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 – An Bhliain Féilire 2025**

| **1. Tuairiscí a fuarthas** | **Líon** |
|---|---|
| Tuairiscí a fuarthas tríd an mbealach seachtrach tuairiscithe | 7 |
| **2. Measúnú ar thuairiscí** | **Líon** |
| Seo a leanas na torthaí ag deireadh na bliana i gcás na seacht dtuairisc a fuarthas sa bhliain féilire: | |
| Cinneadh sa mheasúnú nach bhfuil údar ann le gníomh leantach breise faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta | 4 |
| Táthar ag fanacht leis an measúnú a chur i gcrích, agus is féidir go mbeidh údar ann le gníomh leantach breise | 0 |
| Tarchuireadh an tuairisc chuig Comhlacht eile faoi na nósanna imeachta um Nochtadh Cosanta | 1 |
| Tá an tuairisc á himscrúdú ag an Údarás | 2 |
| **3. Imscrúdú ar thuairiscí** | **Líon** |
| Imscrúduithe* a osclaíodh<br>*Tagraíonn an téarma "imscrúdú" d'aon chineál gnímh leantaigh a rinneadh de bhun tuairisce chun fírinneacht na faisnéise a tuairiscíodh a shuí | 2 |
| Imscrúduithe a dúnadh | 0 |
| Imscrúduithe a bhí ar oscailt ag deireadh na bliana féilire | 2 |
| Fad na n-imscrúduithe a bhí ar oscailt Ar oscailt le níos lú ná 1 bhliain | 2 |
| Meánfhad na n-imscrúduithe a dúnadh | N/B |
| Fad airmheánach na n-imscrúduithe a dúnadh | N/B |
| **4. Nithe a Imscrúdaíodh** | **Líon** |
| Sáruithe ar oibleagáid dhlíthiúil | 2 |
| **5. Imeachtaí a Tionscnaíodh** | **Líon** |
| Imeachtaí a tionscnaíodh de bhun imscrúduithe | 0 |
| Cásanna a tarchuireadh chuig comhlacht eile chun imeachtaí a thionscnamh | 0 |
| **6. Tuairiscí gan ainm** | **Líon** |
| An líon tuairiscí gan ainm a tugadh | 0 |
| Imscrúduithe a osclaíodh mar fhreagairt do thuairiscí gan ainm | 0 |



**John Phelan**
Príomhfheidhmeannach

31 Eanáir 2026